Holocaust Education Ireland

# Tionscadal an Chróch

## Lámhleabhar an Mhúinteora



holocausteducationireland.org

© 2022 Holocaust Education Ireland
Clifton House, Lower Fitzwilliam Street, Dublin D02 XT91, Ireland
Tel: +353 1 6690593 Email: info@holocausteducationireland.org Web: holocausteducationireland.org

Cuireadh an t-ábhar seo i dtoll a chéile le tacaíocht ón Rannóg um Oideachas Múinteoirí sa Roinn Oideachais, Éire.

Cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach. Is leis an údar amháin na dearcthaí agus na tuairimí a chuirtear in iúl agus ní gá go léiríonn siad tuairimí an Aontais Eorpaigh. Ní bheidh an tAontas Eorpach ná an t-údarás deonaithe freagrach astu.

## Clár na nÁbhar

Maidir le Tionscadal an Chróch...1

Cúlra an Uileloiscthe ........................ 2

Íospartaigh neamh-Ghiúdacha an Uileloiscthe .................................. 3

Cén fáth a gcuirimid crócha buí? ........................................ 4

Crócha a chur ...................................... 5

Tionscadal an Chróch a rianú ..... 6

Na Fíréin i Measc na Náisiún........ 7

Éagsúlacht a chothú: Ár gcosúlachtaí a cheiliúradh ..... 8

Plé agus focail ...................................... 9

An tAontas Eorpach................ 10-11

Tuilleadh léitheoireachta agus acmhainní............................... 12

Anchaoi na dteifeach le linn an Uileloiscthe agus sa lá atá inniu ann .............................................. 13

An tUileloscadh agus cásanna eile cinedhíothaithe san fhichiú haois.............................. 13

# Maidir le Tionscadal an Chróch



Palermo, an tSicil, an Iodáil.

Is tionscadal saor in aisce é Tionscadal an Chróch do dhaltaí scoile agus do dhaoine óga atá deich mbliana d'aois nó níos sine. Tionscnamh Éireannach a bhí ann ar dtús siar in 2005 agus tá sé scaipthe anois go dtí dhá cheann déag de na tíortha Eorpacha. Tá sé mar uaillmhian againn go nglacfadh ballstáit uile an Aontais Eorpaigh páirt i dTionscadal an Chróch.

Soláthraíonn Oideachas Uileloiscthe Éireann cróchbhleibíní buí le cur san fhómhar i gcuimhne ar an milliún go leith leanbh Giúdach a cailleadh san Uileloscadh agus ar na mílte leanbh eile a bhí thíos le hainghníomhartha na Naitsithe. Cuireann dath buí na mbláthanna Réaltaí Dháiví buí i gcuimhne dúinn, cuireadh iallach ar Ghiúdaigh iad a chaitheamh faoi riail na Naitsithe. Tagann na crócha faoi bhláth thart ar Lá Idirnáisiúnta Cuimhneacháin an Uileloiscthe (an 27 Eanáir).

Nuair a chaitheann daoine súil ar na bláthanna, is féidir leis na daoine óga míniú a thabhairt ar an méid a léiríonn siad agus ar ar tharla do na leanaí siúd. Is bealach follasach é páirt a ghlacadh i dTionscadal an Chróch chun ábhar an Uileloiscthe a chur i láthair do dhaoine óga agus chun feasacht a mhúscailt faoina chontúirtí atá an ciníochas, agus claontacht agus leithcheal d'aon chineál. Foghlaimíonn siad an tábhacht a bhaineann le cuimsiú agus meas ar gach duine, beag beann ar a n-eitneachas, míchumas, claonadh gnéis nó creidimh reiligiúnacha.

Cuireann Lámhleabhar an Mhúinteora - Tionscadal an Chróch, eolas cúlra agus moltaí ar fáil chun cur i bhfeidhm rathúil an chláir seo a chinntiú. Ba chóir do mhúinteoirí an teanga a chur in oiriúint d'aois na ndaltaí, dá leibhéil tuisceana, don réamheolas atá acu ar an ábhar agus d'aon chúinsí áitiúla nó íogaireachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Is fóram slán ar Facebook é 'Club an Chróch', atá á riar ag Oideachas Uileloiscthe Éireann. Is féidir le rannpháirtithe é a úsáid chun a dtaithí ar an tionscadal a roinnt agus grianghraif, tuairimí agus smaointe a phostáil. Cuireann sé ardán ar fáil ar ar féidir le baill cairdeas nua a bhunú sa bhaile agus thar lear le scoileanna, grúpaí agus daoine eile.

Cuirimid crócha buí i gcuimhne ar na leanaí ar fad a cailleadh san Uileloscadh. Ar an mbealach seo, ní dhéantar dearmad orthu agus cuirtear a gcuimhne agus a gcuid scéalta ar aghaidh do na glúnta atá le teacht.

## Ambasadóirí an Chróch

I ndiaidh duit a bheith páirteach i dTionscadal an Chróch, beidh tú i d'Ambasadóir Cróch. Trí do thaithí ar do rannpháirtíocht sa tionscadal seo a roinnt, spreagfaidh tú cairde, scoileanna agus grúpaí óige nua páirt a ghlacadh i dTionscadal an Chróch. Tiocfaidh méadú ar líon na rannpháirtithe gach bliain ar an mbealach sin.

Scan an cód QR chun an Teastas Rannpháirtíochta a íoslódáil nó cuairt a thabhairt ar holocausteducationireland.org/crocus-project.

**Íoslódáil Teastas Rannpháirtíochta anseo**

# Cúlra an Uileloiscthe

Is éard a bhí san Uileloscadh ná dúnmharú córasach sé mhilliún Giúdach agus na céadta míle íospartach eile ag na Naitsithe agus a gcomhoibrithe.



Giúdaigh na hUngáire sula lódáiltear i gcarranna eallaigh iad ar a mbealach chuig campaí géibhinn.

Tar éis dóibh léasadh a fháil sa Chéad Chogadh Domhanda (1914–1918), fágadh an Ghearmáin le go leor fadhbanna eacnamaíochta agus sóisialta. Fágadh na mílte duine ar ghanntan bia agus as obair. Bhí súil ag muintir na Gearmáine go réiteodh a gceannairí polaitiúla a gcuid fadhbanna.

Le linn na 1930idí, dúirt na Sóisialaithe Náisiúnacha, nó na Naitsithe mar a tugadh orthu, go bhféadfaidís fadhbanna na Gearmáine a réiteach. D'éirigh leo gnaoi an phobail a tharraingt agus chuir siad rialtas le chéile in 1933. Ba é Adolf Hitler a gceannaire. Is minic a thugtar 'Ré na Naitsithe' ar an tréimhse idir 1933 agus 1945. Is é an tréimhse ar tharla an tUileloscadh lena linn.

Aon duine a chuir in éadan a gcuid idé-eolaíochtaí nó polasaithe, níor thaitin siad le Hitler ná leis na Naitsithe. Rinne siad géarleanúint ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha agus ó chúlraí cultúrtha, náisiúntachtaí agus creidimh éagsúla, agus dhírigh siad freisin ar na daoine laga agus leochaileacha, amhail daoine faoi mhíchumas. Rinne siad an saol thar a bheith deacair do na daoine sin ar fad. D'fheil sé do na Naitsithe ceap milleáin a dhéanamh de na daoine sin – duine a bhféadfaidís an locht a chur orthu as a gcuid fadhbanna. Ba é an spriocghrúpa ba mhó ar leag siad locht orthu ná na Giúdaigh, dream a ndearna siad géarleanúint orthu agus ar thug siad drochíde uafásach dóibh. Bhí géarleanúint na Naitsithe ar Ghiúdaigh, ar a dtugtar an tUileloscadh, ar cheann de na tréimhsí ba náirí i stair na hEorpa san fhichiú haois.

I mí Mheán Fómhair 1939, rinne an Ghearmáin ionradh ar an bPolainn, agus cuireadh tús leis an Dara Cogadh Domhanda. Níorbh fhada go raibh an chuid ba mhó den Eoraip treascartha ag airm na Gearmáine.

Chuir na Naitsithe na céadta míle Giúdach ó gach cearn den Eoraip isteach i ngeiteonna, i gcampaí géibhinn, i gcampaí oibre sclábhaithe agus i gcampaí báis. Cuireadh daoine eile i bpríosún sna campaí sin freisin, áit ar fhulaing siad brúidiúlacht, fuacht, ocras agus galar. Sna campaí báis, dhúnmharaítí daoine le gás nimhe. Dhúnmharaigh na Naitsithe sé mhilliún Giúdach, milliún go leith leanbh Giúdach ina measc.



Leanaí ag caitheamh réalta bhuí, geiteo Theresienstadt

Tá sé iontach tábhachtach nach ndéanfaimis dearmad choíche ar an tréimhse uafásach seo i stair na hEorpa idir 1933 agus 1945. Caithfimid a chinntiú nach ligimid d'aon duine ná d'aon ghrúpa daoine dúnmharú ná díobháil a dhéanamh do dhaoine eile siocair nach dtaitníonn siad leo nó nach n-aontaíonn siad lena dtuairimí.

## BOSCA FOCAL

Foghlaim na focail nua seo:

**comhoibrithe**

**mionlaigh eitneacha**

**geiteonna**

**idé-eolaíocht**

**dílleachta**

**beartais**

**ceap milleáin**

**leochaileach**

Is féidir leat breathnú ar na sainmhínithe ar na focail nua seo ar shuíomh gréasáin Oideachas Uileloiscthe Éireann.

## An Réalta Bhuí




Is siombail Ghiúdach í Réalta Dháiví. Sna tíortha go léir ina raibh na Naitsithe i gceannas, chuir siad iallach ar Ghiúdaigh í a chaitheamh ar a gcuid éadaí. D'fhág sé sin go rabhthas in ann na Giúdaigh a dhéanamh amach ó dhaoine eile.

**Conas mar a bheadh sé agus iallach curtha ort réalta bhuí a chaitheamh?**

**Conas mar a bhraithfeá a bheith 'difriúil' ar an gcaoi sin?**

**Pléigh é seo leis an rang.**




**https://www.facebook.com/groups/TheCrocusClub.**
Bí páirteach i gClub an Chróch' chun grianghraif, scéalta agus eispéiris a roinnt. Tá an leathanach seo á bhainistiú ag Oideachas Uileloiscthe Éireann.

# Íospartaigh neamh-Ghiúdacha an Uileloiscthe

## Na Romaigh agus na Sintígh

Tharla cinedhíothú na Romach agus Sintíoch le linn an Uileloiscthe. Rinneadh na mílte a ghabháil, cuireadh i ngeiteonna in aghaidh a dtola iad agus díbríodh chuig campaí géibhinn agus campaí báis iad. Dúnmharaíodh Romaigh freisin i gcríocha den Aontas Sóivéadach a bhí faoi fhorghabháil na Gearmáine. Sa traidisiún Romanaíoch, seachadtar scéalta ar aghaidh ó bhéal ó ghlúin go glúin. Dá bharr sin bíonn sé deacair a fháil amach céard go díreach a tharla. Meastar gur dhúnmharaigh na Naitsithe idir 250,000 agus 500,000 Romach agus Sintíoch le linn an Uileloiscthe. Sa lá atá inniu ann, tá glúnta nua de Romaigh agus de Shintígh atá ag freastal ar scoileanna agus ollscoileanna. Tá siad ag déanamh taighde agus taifeadadh ar a tharla dá muintir agus á scríobh síos do na glúnta a thiocfaidh ina ndiaidh.

Cailín Sintíoch a bhí in Amalie Schaich, duine de cheathrar leanaí a rugadh do thuismitheoirí Romacha in oirthear na Rómáine. Ní raibh dada as bealach déanta ag muintir Schaich, ach bhí an teaghlach réabtha óna chéile ag na Naitsithe. Sa bhliain 1944, cuireadh Amalie chuig 'Campa na Giofóige' in Auschwitz, áit a bhfuair go leor daoine bás de dheasca drochíde, fuachta, ocrais agus galair. Tháinig Amalie slán as Auschwitz, as an gcogadh agus as an Uileloscadh.


Amalie Schaich, cailín Sintíoch, an Rómáin.

Tá Lá Eorpach Cuimhneacháin an Uileloiscthe do Shintígh agus Romaigh ar an 2 Lúnasa gach bliain.

## Daoine faoi mhíchumas

Dhúnmharaigh na Naitsithe na mílte duine faoi mhíchumas intleachtúil nó fisiceach siocair gur mheas siad go raibh siad d'aicme íochtaránach nó 'gan fiúntas sa saol'. Dhúnmharaigh na Naitsithe ní ba mhó ná 300,000 duine faoi mhíchumas sa Ghearmáin agus san Ostair. Rugadh Manfred Bernhardt in 1929 in Dortmund na Gearmáine agus é faoi mhíchumas intleachta ón tús. Nuair a bhí Manfred trí bliana déag d'aois, áitíodh ar a thuismitheoirí é a chur chuig sainospidéal leanaí Aplerbeck, áit ar gealladh dóibh go dtabharfaí aire mhaith dó. Creidtear gurb é a bhí i ndán do Manfred ná clár chun daoine faoi mhíchumas a chur chun báis. I mí an Mheithimh 1943, fuair sé bás faoi chúinsí amhrasacha.


Manfred Bernhardt lena dheirfiúr, Gerda. An Ghearmáin, 1930idí.

## Mionlaigh eitneacha eile is ea na Polannaigh agus na Slavaigh


Rinne na Naitsithe géarleanúint agus dúnmharú ar na céadta mílte Polannach agus Slavach. Díríodh ar dhá mhilliún Polannach, chomh maith leis na mílte de Bhealarúisigh, Slóivéanaigh, daoine gorma, daoine cine measctha, agus baill de mhionlaigh eitneacha éagsúla. Chreid na Naitsithe go raibh siad d'aicme níos ísle agus gur cheart iad a bhaint de shochaí na Gearmáine. Díbríodh na mílte chuig campaí géibhinn ina bhfuair siad bás de dheasca brúidiúlachta, fuachta, ocrais agus galair. Fuadaíodh na mílte leanbh Polannach agus tugadh go dtí an Ghearmáin iad chun iad a thógáil mar Ghearmánaigh.


Príosúnach Polannach, Julian Noga, ag campa géibhinn Flossenberg, an Ghearmáin, 1942.


Grianghraf de chailín cine meascha a d'úsáidtí i léachtaí ar chine agus ar shláinte sa Ghearmáin.

## Daoine aeracha

Bhí an homaighnéasacht ina cion coiriúil sa Ghearmáin agus i bhformhór na dtíortha Eorpacha go dtí na 1960idí agus níos déanaí. Dhírigh na Naitsithe ar fhir aeracha agus ar leispiaigh, agus mhaígh go raibh a leithéid de dhaoine i gcoimhlint dhíreach le hidéil na Gearmáine. Chuir siad fir aeracha chuig campaí géibhinn, áit a raibh orthu obair ní ba dheacra a dhéanamh, ar tugadh ní ba lú bia dóibh agus ar caitheadh leo ar bhealach ní ba bhrúidiúla ná le príosúnaigh eile. Dúnmharaíodh na mílte nó fuair siad bás de bharr a uafásaí a bhí na dálaí. I ndiaidh an chogaidh, cuireadh go leor fir aeracha ar ais go príosún, gan na blianta a chaith siad i gcampaí na Naitsithe a chur san áireamh. Mar gheall ar dhearcadh an phobail, bhí sé deacair ar fhir aeracha a scéalta a insint agus is beag duine a tháinig chun cinn lena gcuid dtaithí a roinnt. Ealaíontóir agus stiúrthóir amharclannaíochta ab ea Albrecht Becker. Bhí sé aerach gan náire, agus ó 1935, bhí sé faoi choinneáil i roinnt campaí géibhinn. Tháinig sé slán as an gcogadh agus ón Uileloscadh.


Albrecht Becker.

**Bhí na mílte íospartach polaitiúil agus Críostaí ann a chuir i gcoinne na Naitsithe agus a chuidigh le Giúdaigh. Íospartaigh de chuid an Uileloiscthe ab ea iad sin freisin.**

### BOSCA FOCAL

Foghlaim na focail nua seo:

- **díláithrithe**
- **géarleanúint**
- **crua**
- **tionóladh**
- **tit amach**

Is féidir leat breathnú ar na sainmhínithe ar na focail nua seo ar shuíomh gréasáin Oideachas Uileloiscthe Éireann.

# Cén fáth a gcuirimid crócha buí?

## Brón agus dóchas

Cuirimid crócha buí i gcuimhne ar an milliún go leith leanbh Giúdach agus ar na mílte leanbh eile a fuair bás san Uileloscadh. Cuireann dath buí na mbláthanna Réalta Dháiví bhuí i gcuimhne dúinn, ar cuireadh iallach ar Ghiúdaigh í a chaitheamh faoi riail na Naitsithe. Cuireann na bláthanna na leanaí uile a cailleadh san Uileloscadh i gcuimhne dúinn.

Dhúnmharaigh na Naitsithe na céadta míle leanaí, ach tháinig go leor leanaí eile slán. Is seantuismitheoirí iad an chuid is mó de na daoine sin anois. Tá a gcuid scéalta curtha ar aghaidh acu dá gclann agus do chlann a gclainne. Níor cheart dearmad a dhéanamh choíche ar a gcuid scéalta. Ní mór dúinn iad a insint dár gclann féin.

Nuair a thagann na crócha faoi bhláth ag tús an earraigh, cuimhnímid ar na leanaí a d'imigh uainn ar shlí na fírinne. Ach meabhraíonn na bláthanna áille dúinn freisin, in ainneoin a uafásaí a bhí na rudaí a thit amach, go dtosaíonn saol úr arís agus gur féidir linn a bheith dóchasach go mbeidh rudaí níos fearr ná mar a bhí roimhe. Cuireann na bláthanna i gcuimhne dúinn go bhfuil áilleacht sa saol fós agus dóchas ann don am atá le teacht. Is rud brónach é na bláthanna a chur, ach tá dóchas ag baint leis freisin. Tá súil againn amach anseo go gcuirfidh leanaí ó gach cearn den domhan crócha buí i gcuimhne ar na leanaí ar fad a fuair bás san Uileloscadh.




Hanna Lehrer ó München ag caitheamh na réalta buí. Rugadh in 1936 í agus díbríodh go Ríge na Laitvia í. Dúnmharaíodh ansin í nuair nach raibh sí ach sé bliana d'aois.



Elektroniczne Zakłady Naukowe z Wrocławia, an Pholainn.



Bunscoil 4ú Athens, An Ghréig



Leanaí ag cur cróch le Sabina Bean Uí hUiginn in Áras an Uachtaráin.



**https://www.facebook.com/groups/TheCrocusClub.**
Bí páirteach i gClub an Chróch' chun grianghraif, scéalta agus eispéiris a roinnt. Tá an leathanach seo á bhainistiú ag Oideachas Uileloiscthe Éireann.

# Crócha a chur

Cuirtear cróchbhleibíní san fhómhar idir lár mhí Mheán Fómhair agus lár mhí na Samhna. Tagann an t-earrach ag amanna difriúla i dtíortha éagsúla. Is cuma i ndáiríre cén uair a bhláthaíonn na bláthanna: is é an rud tábhachtach ná go gcuirtear iad i gcuimhne ar na leanaí a fuair bás san Uileloscadh agus nuair a thagann na bláthanna, meabhraítear dúinn iad. Meabhraítear dúinn freisin cé chomh tábhachtach agus atá sé glacadh le daoine ó gach cultúr agus grúpa eitneach agus meas a bheith againn orthu.

## Sa ghairdín



Bunscoil Uimhir 12, Kornela Makuszyński in Otwocko, an Pholainn.

Cuir na cróchbhleibíní timpeall 15cm ar doimhneacht in ithir mhaith. Uiscigh agus fág go dtí go dtosaíonn na bláthanna ag teacht aníos san earrach. B'fhéidir gur mhaith leat an gairdín cróch a mharcáil le sreangán timpeall air. Chuir roinnt scoileanna na bleibíní i gcruth Réalta Dháiví.

## Babhlaí bláthanna

I dtíortha áirithe, ina mbíonn sé ró-fhuar sa gheimhreadh agus an iomarca oighir agus sneachta ann chun na cróchbhleibíní a chur amuigh faoin aer, is féidir iad a chur taobh istigh i mbabhlaí agus i mboscaí bláthanna. Ba ceart na bleibíní a chur mar a thuairiscítear thuas. Nuair a thosaíonn siad ag táirgeadh péacáin, cuir taobh istigh iad os comhair fuinneoige ach ní gar do na téitheoirí!



Bunscoil Pascoli, Cento, an Iodáil.

## Bláthbhoscaí fuinneoige nó potaí bláthanna



- Cuir roinnt píosaí briste potaireachta nó clocha briste ag bun an choimeádáin.
- Líon le hithir mhéith nó múirín é.
- Cuir na bleibíní ann.
- Uiscigh agus clúdaigh le plaisteach dubh (cosúil le mála bosca bruscair) agus fág taobh amuigh é. Murach sin, cuir in áit dhorcha fhionnuar (cosúil le cró nó garáiste) é go dtí deireadh mhí na Nollag.
- Bain an clúdach plaisteach agus seiceáil nár thriomaigh an bláthbhosca fuinneoige. Uiscigh más gá.
- Cuir os comhair na fuinneoige.



Gairdín cróch curtha i gcruth Réalta Dháiví i dTeach Russborough, Contae Chill Mhantáin.



Caryna Camerino, marthanóir ón Uileloscadh den tríú glúin, le daltaí ó Hansfield ETNS, Baile Átha Cliath.

# Tionscadal an Chróch a rianú




1. Léigh leathanaigh 2-5 mar rang agus pléigh iad.
2. Roghnaigh áit chun na cróchbhleibíní a chur. Déan nóta den dáta agus an suíomh ar an gcairt.
3. Scríobh ar an gcairt ainm gach duine a bhí páirteach i gcur na mbleibíní.
4. Postáil grianghraif i ngrúpa Chlub an Chróch. Cuir ceann de na grianghraif leis an gcairt.
5. Dealróidh sé nach bhfuil aon rud ag tarlú go ceann 6–8 seachtaine. I dtíortha áirithe, d'fhéadfadh rudaí tarlú ní ba luaithe nó ní ba mhoille ná i dtíortha eile. Bain úsáid as an am seo le himeacht nó tionscadal a phleanáil i do scoil le haghaidh Lá Cuimhneacháin an Uileloiscthe.
6. Faoi dheireadh, beidh bioranna glasa na gcróch le feiceáil. Déan nóta den dáta ar an gcairt. Glac grianghraif de na bleibíní ag cur amach agus postáil i ngrúpa Chlub an Chróch iad.
7. Beidh bachlóga buí le feiceáil ansin. Glac grianghraif de na chéad bhachlóga nuair a thagann siad amach.
8. Is gearr go mbeidh na bachlóga ina mbláthanna áille cróch buí. Glac grianghraif de na crócha faoi bhláth agus postáil i ngrúpa Chlub an Chróch iad.
9. Comhair líon na mbláthanna cróch agus déan nóta ar an gcairt.
10. Méadaíonn crócha gach bliain, agus mar sin, méadaíonn líon na gcróch. De réir mar a bhíonn níos mó daoine ar fud an domhain i mbun bleibíní a chur, fásann líon na mbláthanna freisin. Faoi dheireadh, beidh breis agus milliún go leith cróch faoi bhláth ar fud an domhain i gcuimhne ar na leanaí ar fad a fuair bás san Uileloscadh.

Scan an cód QR nó téigh chuig an suíomh gréasáin chun cairt Thionscadal an Chróch a íoslódáil.
holocausteducationireland.org/crocus-project



**https://www.facebook.com/groups/TheCrocusClub.**
Bí páirteach i gClub an Chróch' chun grianghraif, scéalta agus eispéiris a roinnt. Tá an leathanach seo á bhainistiú ag Oideachas Uileloiscthe Éireann.

# Na Fíréin i Measc na Náisiún

Is teideal é Na Fíréin i Measc na Náisiún a bhronntar ar dhaoine neamh-Ghiúdacha a chuir a mbeatha i mbaol chun Giúdaigh a shábháil in aimsir an Uileloiscthe. Chuir Yad Vashem ó Údarás Cuimhneacháin an Uileloiscthe in Iosrael tús leis an teideal in 1963, agus ó shin i leith tá an gradam faighte ag breis agus 27,000 duine. Tagann na daoine seo ó thíortha éagsúla agus ó chúlraí cultúrtha, creidimh agus eitneacha éagsúla. Bhí siad go léir aontaithe ina mian chun bheith ag cuidiú le daoine eile. Tá na mílte Giúdach beo inniu a bhuíochas leis na daoine misniúla seo. Is féidir leat foghlaim faoi Na Fíréin i Measc na Náisiún ar shuíomh gréasáin Yad Vashem.

Foghlaim tuilleadh faoi Na Fíréin i Measc na Náisiún anseo.

Foghlaim tuilleadh faoi na Kindertransports anseo.

## Daoine ar leith

Bhí **Mary Elmes**, bean Éireannach as Corcaigh, in Vichy na Fraince le linn an chogaidh. D'oibrigh sí féin agus a cuid comhghleacaithe le heagraíochtaí de chuid Chumann na gCarad agus thug sí na céadta leanbh Giúdach slán ó dhíbirt go Auschwitz.



Mary Elmes

Shábháil **Irene Sendler** 2,500 leanbh ó Gheiteo Vársá.



Irene Sendler

Shábháil **Chrysostomos** 275 Giúdach a bhí ina gcónaí ar oileán Zakynthos nuair a dhiúltaigh sé liosta dá n-ainmneacha a thabhairt do na Gearmánaigh. An t-aon ainm a chuir sé ar an liosta ná a ainm féin.



Chrysostomos

**Magda agus André Trocmé** ó Le Chambon-sur-Lignon, sráidbhaile Úgónach sa Fhrainc, a chuir Giúdaigh i bhfolach.



Magda & André Trocmé

## Fir ghnó


Shábháil **Oskar Schindler**, tionsclaí Gearmánach, thart ar 12,000 Giúdach in Kraków.



Oskar Schindler

## Taidhleoirí

Shábháil **Raoul Wallenberg**, taidhleoir Sualannach san Ungáir, na mílte Giúdach Ungárach.



Raoul Wallenberg

Thug consal na Seapáine in Kovno, an Liotuáin, **Chiune (Sempo) Sugihara**, neamhaird ar orduithe na hAireachta Gnóthaí Eachtracha agus d'eisigh sé breis agus 600 víosa imeachta do Ghiúdaigh de chuid na Polainne agus na Liotuáine.



Chiune (Sempo) Sugihara

## Gearmánaigh Fhíréanta

Chuir géarleanúint na nGiúdach fearg ar **Wilhelm Hosenfeld**, oifigeach d'arm na Gearmáine, agus chuidigh sé leis an oiread agus ab fhéidir leis.



Wilhelm Hosenfeld

## Arabaigh Fhíréanta

Chuir **Khaled Abdelwahhab** ón Túinéis Annie Boukris agus a clann i bhfolach ar a fheirm ar feadh roinnt míonna chun iad a thabhairt slán.



Khaled Abdelwahhab

## Moslamaigh Fhíréanta


Shábháil an **teaghlach Biçaku** ón Albáin seisear Giúdach is fiche nuair a choinnigh siad ó na Naitsithe iad.



An teaghlach Biçaku

## Tíortha

**An Danmhairg:** Thug muintir na Danmhairge a bpobal Giúdach slán nuair a iompraíodh chun sábháilteachta sa tSualainn neodrach iad.




**An Bhulgáir:** Dhiúltaigh muintir na Bulgáire a bpobail Ghiúdacha a thabhairt ar láimh do na Naitsithe.



## Daoine Gaisciúla

D'oibrigh **Hubert Butler** as Éirinn in Ionad Idirnáisiúnta Vín ag eagrú víosaí do Ghiúdaigh agus daoine eile a bhí ag teitheadh ó thíorántacht na Naitsithe. Chuidigh sé le breis agus 2,000 teifeach an Bhreatain, Éire, Meiriceá Thuaidh agus tíortha eile a bhaint amach.



Hubert Butler

Bhí an **Moinsíneoir Hugh O'Flaherty**, as Éirinn ag obair sa Vatacáin in aimsir an chogaidh. Bhí sé mar chuid de ghréasán a smuigleáil Giúdaigh agus daoine eile amach as an Róimh chun sábháilteachta.



Moinsíneoir Hugh O'Flaherty

Rinne **Sir Nicholas Winton**, fear gnó Sasanach, ocht Kindertransports chuig an Ríocht Aontaithe a eagrú chun 669 leanbh Giúdach ón tSeicslóvaic a thabhairt slán.



Sir Nicholas Winton

# Éagsúlacht a Chothú: Ár gCosúlachtaí a Cheiliúradh

## Gníomhaíochtaí

### Ciorcal



Déan ciorcal mór de gach duine sa rang. Ceangail lámha agus féach ar an gciorcal. An bhfuil an chuma chéanna ar gach duine nó an bhfuil cuma dhifriúil ar dhaoine áirithe? An bhfuil gach duine ar an tomhas céanna? An bhfuil an dath céanna ar chraiceann gach duine? An dath céanna gruaige? Cé nach ionann aon bheirt ar an taobh amuigh, tabharfaidh na daltaí faoi deara go bhfuil siad ar fad ar comhchéim sa chiorcal céanna. An bhfuil an cultúr nó an creideamh céanna ag gach duine? An bhfuil leanaí Giúdacha ar bith sa rang? An bhfuil cuma dhifriúil orthu? Smaoinigh cé chomh mór is a bheadh an ciorcal dá mbeadh gach duine de phobal na scoile ar lámha a chéile.

### Lámha

Déan fótachóip nó tóg grianghraf de lámha gach duine sa rang nó iarr ar na daltaí a lámha a rianú agus iad a dhathú. Gearr amach na 'lámha'. Déan colláis agus cruth ciorcail uirthi de lámha gach duine. Féach cé chomh cosúil is atá na lámha le chéile, cé go bhféadfadh an tomhas agus an dath a bheith éagsúil.



### Foghlaim faoi chultúir eile




Déan gníomhaíocht a dhearadh le foghlaim faoi chultúr agus traidisiúin gach duine sa rang. B'fhéidir gur mhaith libh cuireadh a thabhairt do dhuine éigin ó chreideamh nó ó chultúr difriúil labhairt leis an rang. Déan iniúchadh ar thraidisiúin éagsúla, féilte reiligiúnacha, laethanta saoire poiblí, bianna speisialta, feisteas traidisiúnta, amhráin agus seanchas.

### Ceiliúir




Léirigh na traidisiúin éagsúla seo ar bhealaí difriúla: grianghraif, pictiúir, colláis, ceol. Tabhair cuireadh do ranganna eile teacht isteach chun an méid atá ar siúl ag do rang a fheiceáil agus a chloisteáil. Cad a dhéanann daoine ó thraidisiúin éagsúla chun ócáidí a cheiliúradh, amhail breitheanna, bainiseacha, básanna, féilte reiligiúnacha, laethanta saoire náisiúnta?

### Siombailí



Pléigh siombailí agus gothaí siombalacha leis an ngrúpa. Spreag plé faoi shiombailí agus faoin mbrí atá leo. An bhfuil tagairtí ann do shiombailí i dTionscadal an Chróch?

## Lá Cuimhneacháin an Uileloiscthe a Chomóradh

Bíonn Lá Idirnáisiúnta Cuimhneacháin an Uileloiscthe ar an 27 Eanáir gach bliain. Deis iontach é do dhaoine óga an taithí atá faighte acu ar Thionscadal an Chróch agus an méid atá foghlamtha acu faoin Uileloscadh a roinnt le daoine eile. Iarr ar na daltaí cén chaoi ar mhaith leo an dáta tábhachtach seo a chomóradh. B'fhéidir gur mhaith leo roinnt léitheoireachta, filíochta, nó ceoil a eagrú ina bhfuil an rang, an grúpa nó an scoil ar fad fiú páirteach ann. Uaireanta is féidir searmanas speisialta a shocrú. Is féidir é a bheith chomh simplí le coinneal chuimhneacháin a lasadh i gcuimhne ar na sé mhilliún Giúdach a dúnmharaíodh san Uileloscadh, chomh maith leis na híospartaigh eile ar fad. Is am maith é tionól na maidine chun teacht le chéile mar ghrúpa agus éisteacht agus machnamh a dhéanamh ar an Uileloscadh. I ndiaidh dóibh an spreagadh a fháil, áfach, beidh neart smaointí agus moltaí acu siúd a bhí páirteach i dTionscadal an Chróch faoin gcaoi ar mhaith leo Lá Cuimhneacháin an Uileloiscthe a chomóradh. Bheadh sé go deas dá mbeadh na gníomhaíochtaí faoi stiúir na ndaltaí. Postáil grianghraif agus eolas sa ghrúpa Facebook 'Club an Chróch'.

# Bratacha agus léarscáil

## Plé

Más féidir, is smaoineamh maith é suí i gciorcal le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo. Spreag plé faoi chlaontacht, leithcheal agus bulaíocht ionas go dtuigfidh na rannpháirtithe an tábhacht a bhaineann le caoinfhulaingt agus meas a bheith acu ar gach duine ina rang nó ina ngrúpa, gach duine i bpobal na scoile, gach duine sa bhaile agus gach duine sa saol mór. Níor thosaigh an tUileloscadh le campaí géibhinn ná le campaí báis; thosaigh sé le focail, le fochaid agus le bulaíocht.

**Léigh:** Léigh ceann de na scéalta ón leabharliosta agus pléigh é.

**Cuimhne:** Chun ár gcuimhní a threisiú, ní mór dúinn smaoineamh agus beart a dhéanamh. Nuair a smaoinímid ar a bhfuil léite nó foghlamtha nó déanta againn, éiríonn sé ina chuid dár gcuimhne.

**Smaoinigh:** Nuair a ghlacaimid páirt i dTionscadal an Chróch, smaoinímid ar na leanaí a fuair bás san Uileloscadh.

**Déan beart:** Cuirimid cróchbhleibíní buí i gcuimhne ar na leanaí.

**Cuimhnigh:** Nuair a bhláthaíonn na bleibíní, smaoinímid ar na leanaí arís, agus cuimhnímid ar an gcaoi a bhfuair siad bás.

## Focail

Cuir póstaer le chéile d'fhocail dhearfacha agus d'fhocail dhiúltacha a thagann chun cuimhne agus tú ag glacadh páirt i dTionscadal an Chróch agus ag foghlaim faoin Uileloscadh.

Bain úsáid as dath difriúil le haghaidh na bhfocal dearfach agus na bhfocal diúltach.

Pléigh brí na bhfocal. Cuir leis an liosta gach seachtain.

Roinn ina dhá phainéal iad, dearfach agus diúltach.

éagsúlacht
dídean
leithcheal
ciníochas
caoinfhulaingt
tearmann
cinedhíothú
eisiamh
meas
ionchuimsitheacht
cineáltas
seineafóibe
géarleanúint
slándáil

Is féidir leat breathnú ar na sainmhínithe ar na focail nua seo ar shuíomh gréasáin Oideachas Uileloiscthe Éireann.

## Gníomhaíocht

Seo an chuma a bhí ar an Eoraip in 1930. Faigh amach cé na tíortha a bhí faoi fhorghabháil ag na Naitsithe.

Déan iad a dhathú in aon dath amháin.

An féidir leat do thír féin a aimsiú ar an léarscáil?

An raibh baint ag do thír féin leis an gcogadh?

Nó an neodrach a bhí sí?




## BOSCA FOCAL

Foghlaim na focail nua seo:

- bulaíocht
- leithcheal
- réamhchlaonadh
- achasáin
- caoinfhulaingt

Is féidir leat breathnú ar na sainmhínithe ar na focail nua seo ar shuíomh gréasáin Oideachas Uileloiscthe Éireann.

# An tAontas Eorpach



Bratacha an AE, Parlaimint na hEorpa, Strasbourg.

Tionscadal an Chróch: Léirítear prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh (AE) in 'Cuimhneamh ar an Uileloscadh agus Foghlaim Ceachtanna le haghaidh Eoraip ár Linne' Tá siad seo bunaithe ar chearta an duine agus ar fhorlámhas an dlí, agus éilíonn siad meas ar gach saoránach de chuid an AE, beag beann ar a eitneachas, míchumas, claonadh gnéis nó creidimh reiligiúnacha. Tá cosaintí curtha i bhfeidhm ag an AE chun gach saoránach de chuid an AE a chosaint ar dhíobháil, bíodh an díobháil á déanamh air nó bíodh sé ag déanamh na díobhála ar dhuine eile.

Níl muintir na hEorpa ag iarraidh go dtarlódh rud éigin cosúil leis an tUileloscadh arís. Ó bunaíodh an tAontas Eorpach (ar a dtugtaí Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa roimhe seo) sna 1950idí, tá ag éirí leis an Eoraip fanacht glan den chuid is mó ar chogadh agus ar dhoirteadh fola agus tá ag réiteach go réasúnta síochánta lena chuid comharsana, leis. Déanann an AE a dhícheall timpeallacht shlán agus comhionannas a chur ar fáil dá chuid saoránach go léir, mar aon le meas agus caoinfhulaingt a chothú i measc a chuid ballstát go léir. Bunaíodh an AE faoina ainm reatha in 1993 de bhun Chonradh Maastricht. Baineann Tionscadal an Chróch le cuimhneachán agus le hoideachas faoin Uileloscadh chomh maith le feasacht ar na contúirtí a bhaineann le fuath, leithcheal agus claontacht. Trí pháirt a ghlacadh i dTionscadal an Chróch, foghlaimíonn saoránaigh faoi stair na Eorpa agus déanann machnamh ar a thábhachtaí atá an AE sa lá atá inniu ann. Ar an gcaoi chéanna, faigheann siad tuiscint ar an gá atá ann le hEoraip aontaithe atá bunaithe ar bhunphrionsabail.

## Cuimhneachán agus Oideachas

Ardaíonn Tionscadal an Chróch feasacht ar choincheap an chuimhneacháin, ar stair na hEorpa agus ar luachanna an AE, luachanna lena gcuirtear an tsíocháin, an t-athmhuintearas agus an fholláine chun cinn i measc a chuid saoránach go léir. Leis an méid sin a bhaint amach, spreagtar na rannpháirtithe chun a dtaithí ar an tionscadal a roinnt sa ghrúpa Facebook 'Club an Chróch', áit ar féidir leo muintearas a dhéanamh le baill eile agus tuiscint a fháil orthu. Ar an mbealach sin, faigheann rannpháirtithe tuiscint faoi ról an AE maidir le cosaint an daonlathais agus na saoirse. De réir mar a mhéadaíonn líon na rannpháirtithe i dTionscadal an Chróch gach bliain, méadóidh líon na mbleibíní a chuirtear freisin. Amach anseo tá súil againn go mbeidh cróchbhleibíní buí ag fás ar fud an AE, ní hamháin chun blianta tragóideacha an Uileloiscthe agus na leanaí a cailleadh a thabhairt chun cuimhne, ach chun dóchas agus cairdeas a chothú freisin.




Meánscoil Dhátheangach Nicholas Copernicus, Kołobrzeg, an Pholainn.



Meánscoil Nikolay Katranov, Svishtov, an Bhulgáir.



**https://www.facebook.com/groups/TheCrocusClub.**

Bí páirteach i gClub an Chróch' chun grianghraif, scéalta agus eispéiris a roinnt. Tá an leathanach seo á bhainistiú ag Oideachas Uileloiscthe Éireann.

## Gníomhaíochtaí






### Bratacha

Aithin brat gach ceann de na tíortha Eorpacha.

Aimsigh na tíortha ar léarscáil na hEorpa.

An féidir leat do thír féin a aimsiú?

Déan liosta de luachanna agus bunphrionsabail an Aontais Eorpaigh.

Scan an cód QR nó tabhair cuairt ar european-union.europa.eu

# Tuilleadh léitheoireachta agus acmhainní

Tá go leor leabhar scríofa faoi leanaí agus an tUileloscadh. Fíorscéalta iad cuid acu agus ficsean cuid eile. Mholfadh Oideachas Uileloiscthe Éireann d'aon duine ar mian leis na leabhair seo a léamh le daltaí iad a léamh ar dtús agus cinneadh a dhéanamh cibé acu a bheidís fóirsteanach nó nach mbeadh. I gcás leanaí faoi bhun dhá bhliain déag d'aois, is iondúil go molfaimis go léifí scéalta mar ghníomhaíocht ranga. Beidh múinteoirí agus oideachasóirí ag iarraidh scéalta ábhartha a roghnú dá gcuid daltaí, agus arís, mholfaimis machnamh cúramach a dhéanamh ar an ábhar ar fad sula gcuirtear i láthair don rang é. Ba cheart DVDanna agus suíomhanna gréasáin a úsáid faoi mhaoirseacht duine fásta freisin.


## Scannáin


Mholfaimis do dhaoine fásta dul in éineacht le daltaí faoi chúig bliana déag d'aois chuig aon scannán a bhaineann leis an Uileloscadh agus mholfaimis go láidir go ndéanfaí ullmhúchán roimh an scannán agus plé air ina dhiaidh. Tugann 'The Short Life of Anne Frank' léargas ginearálta ar an gcaoi ar tháinig na Naitsithe i gcumhacht agus ar ghéarleanúint na nGiúdach Eorpach. Is féidir breathnú air ar Anne Frank Trust UK.


## Leabhair


Scan an cód QR chun teacht ar leabharliosta Oideachas Uileloiscthe Éireann, is liosta d'ábhar aoisoiriúnach léitheoireachta.


Féach ar an leabharliosta atá oiriúnach do leanaí agus do dhaoine óga anseo.





## Suíomhanna gréasáin


Tá go leor suíomhanna gréasáin ann a bhaineann leis an Uileloscadh. Ba chóir do dhaoine fásta iad a sheiceáil sula moltar do dhaoine óga iad. Roinnt de na suíomhanna gréasáin a mholann Oideachas Uileloiscthe Éireann:




- holocausteducationireland.org
- remember.org
- yadvashem.org
- iwm.org.uk
- ushmm.org
- holocaust.org.uk
- galiciajewishmuseum.org/en
- sfi.usc.edu

## Club an Chróch

Tugaimid cuireadh do mhúinteoirí a bheith páirteach sa ghrúpa 'Club an Chróch' ar Facebook. Anois is féidir leat do chuid pictiúr, scéalta agus smaointe a roinnt le rannpháirtithe eile i dTionscadal an Chróch ar fud na hEorpa.




**https://www.facebook.com/groups/TheCrocusClub.**
Bí páirteach i gClub an Chróch' chun grianghraif, scéalta agus eispéiris a roinnt. Tá an leathanach seo á bhainistiú ag Oideachas Uileloiscthe Éireann.

# Anchaoi na dteifeach le linn an Uileloiscthe agus sa lá atá inniu ann

Pé uair a bhíonn coimhlint, gorta, nó tuilte agus tubaistí nádúrtha eile ann, teitheann daoine agus lorgaíonn siad tearmann i dtíortha eile. Faoi 1938, bhí géarleanúint na nGiúdach sa Ghearmáin agus san Ostair chomh crua sin go raibh na Giúdaigh cráite chun imeachta. De réir mar a tháinig méadú ar an imní go dtarlódh géarchéim teifeach Giúdach, thionóil Uachtarán na Stát Aontaithe, Franklin D. Roosevelt, comhdháil in Évian sa Fhrainc. Iarradh ar an dá thír is tríocha a bhí ag freastal ar an gcomhdháil teifigh Ghiúdacha a thabhairt isteach, ach ní raibh duine ar bith acu sásta é sin a dhéanamh. Bhí na Giúdaigh sáinnithe laistigh dá dteorainneacha féin dá bharr sin agus faoi dheireadh an chogaidh bhí an chuid ba mhó acu éagtha.


Béilí, éadaí, dídean á dtáirgeadh do theifigh ón Úcráin in Kraków, 2022.

Sa lá atá inniu ann, tá na céadta míle daoine ag iarraidh tearmainn san Eoraip agus tá ceannairí tíortha Eorpacha ag iarraidh teacht ar bhealaí chun cuidiú leo. Níl sé éasca an oiread sin daoine a chomhtháthú ag aon am amháin, ach níl tíortha na hEorpa ag iarraidh na botúin chéanna a dhéanamh arís. Tá siad ag iarraidh bealach a aimsiú chun cuidiú le daoine atá ag teitheadh ó chogadh, ó ghorta agus ó ghéarleanúint. Tagann go leor daltaí óga ó thíortha ina bhfuil coimhlint, cur faoi chois, gorta, agus cruatan eile. Ba chóir dúinn a bheith tuisceanach faoi sin agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo go híogair.

# An tUileloscadh agus cásanna eile cinedhíothaithe san fhichiú haois

Cás sonrach amháin den chinedhíothú a bhí san Uileloscadh. Ní fhacthas a leithéid riamh cheana agus is é fírinne an scéil gurbh iarracht é daoine Giúdacha na hEorpa a léirscriosadh, mar aon le gach rian dá gcultúr agus dá stair agus gach cuimhne orthu. Tharla cinedhíothú na Romach le linn an Dara Cogadh Domhanda freisin, gan trácht ar na mílte mionlach eile ar dhúnmharigh na Naitsithe iad. Bhí cásanna eile cinedhíothaithe ann i gcaitheamh an fichiú haois:

- San Airméin, idir 1915 agus 1923, dhúnmharaigh na Turcaigh ní ba mhó ná milliún Airméanach.
- Sa Chambóid sna 1970idí, fuair thart ar 2 mhilliún duine bás faoi réimeas an Khmer Rouge [arna stiúradh ag Pol Pot].
- I Ruanda in 1994 dhúnmharaigh antoiscigh Hutu suas le 1 milliún duine Tutsi.
- In 1995 sa Bhoisnia, rinne arm na Seirbiach Boisniach sléacht ar thart ar 8,000 buachaill agus fear Moslamach i Srebrenica.

I ngach cás den chinedhíothú, dírítear ar dhaoine mar gheall ar a n-eitneachas, a gcleamhnachtaí creidimh, cultúrtha, nó polaitiúla nó mar gheall ar a gclaonadh gnéis. Tarlaíonn cinedhíothú nuair a ligtear don leithcheal, don chiníochas agus don fhuath dul in olcas agus nuair a dhiúltaítear cearta daonna agus sibhialta ar dhaoine. Mar sin, tá sé tábhachtach meas a bheith againn ar na difríochtaí atá ann idir daoine agus labhairt amach nuair a fheicimid éagóir.



An Airméin



Ruanda



An Chambóid



An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin

## BOSCA FOCAL

Foghlaim na focail nua seo:

- saoránacht
- coimhlint
- daonlathas
- cearta daonna
- athmhuintearas
- cur faoi chois
- freagrachtaí

Is féidir leat breathnú ar na sainmhínithe ar na focail nua seo ar shuíomh gréasáin Oideachas Uileloiscthe Éireann.

**Ó tharla an tUileloscadh, tharla go leor cásanna eile cinedhíothaithe ar fud an domhain.**

Holocaust Education Ireland

An Roinn Oideachais
Department of Education

Co-funded by the European Union

Clifton House, Lower Fitzwilliam Street, Dublin D02 XT91, Ireland
T: +353 1 669 0593
E: info@holocausteducationireland.org
**holocausteducationireland.org**

**HET_Ireland** **holocausteducationireland**
**Holocaust Education Ireland**